Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Eagrán : MF10 Aibreán

13/04/2011

A Thuismitheoirí,

Tá téarma thar a bheith gnóthach curtha againn dínn agus an t-uafás imeachtaí spéisiúla le tuairisciú! Bhí an-imeachtaí go deo ar siúl thart ar lá le Pádraig idir, Tráth na gCeist, Céilí agus Ceolchoirm na Féile Pádraig. Tuile eolais & griangrafanna ar ár suíomh scoile.

We've had an extremely busy term with lots of exciting and interesting events to report to you. We celebrated in style around St Patricks day with a Table Quiz, Céilí and our big St Patricks Festival Concert. More information and photos at www.taobhnacoille.ie

Emer Nic Chonchradha

San eagrán seo:
Inside this issue:

Nóta ón bPríomhoide	*1*
Tráth na gCeist *Table Quiz*	*1*
Ceolchoirm na Féile Pádraig	*2*
Boscaí Trócaire *Collection date*	*3*
Cór na nÓg *The National Children's Choir*	*3*
An Scoil Seapánach *The Japanese School*	*3*
Maidin Caifé *Coffee Morning*	*3*
Craobh na hÉireann *An Féile Scoildrámaíochta*	4
Tráth na gCeist Clainne *Family Table Quiz*	*4*
Buíochas ó Haiti *Conor Ó Cathasaigh & Killian Ó Drisceoil*	*5*
Pancóga & Lus an Chromchinn *Daffodil Day*	*5*
Comórtas Ealaíne *'Fág an Luas tá an carr níos fearr!'*	*5*
Dátaí don Dialann *Dates for your Diary*	*6*
Gradam na Cásca	6/7
Cúrsaí Spóirt	8

Tráth na gCeist Idirscoile : Inter-schools Table Quiz

Eagraíodh tráth na gceist idirscoile ar an Luan an 7 Márta mar chuid d'imeachtaí 'Seachtain na Gaeilge'. Daltaí R5 & R6 ó Ghaelscoil Thaobh na Coille, Scoil Lorcáin, Baile na Manach & Gaelscoil Phádraig, Baile Bhreac a bhí i láthair. Imeacht í seo ata á eagrú le cúpla bliain anuas ach i mbliana don chéad uair reachtáileadh í sa scoil s'againne. Breis is 200 dalta ar fad a a bhí páiteach sa tráth na gceist. Eagraíodh na daltai i bhfóirne de seisear. Fóirne measctha idirscoile a bhí i gceist, triúr dalta ó Scoil Lorcáin, beirt dhalta ó Ghaelscoil Thaobh na Coille & dalta amháin ó Ghaelscoil Phádraig. 8 mbadhta ar fad a bhí i gceist agus idir gach badhta chuir daltaí ó na scoileanna agus na ranganna éagsúla a bhí i láthair mír beag ar an ardán. Léiríodh an-mheascán talainne 'sna míreanna seo idir amhránaíocht ranga, taispeántas gleacaíochta, amhránaíocht aonair, ceol uirlise agus rl. Buíochas leis an Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh & An Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh as na ceisteanna a chur le chéile & tabhairt faoin lá a eagrú.

A table quiz was held on Monday the 7th of March as part of 'Seachtain na Gaeilge'. Pupils from R5 & R6 from Gaelscoil Thaobh na Coille, Scoil Lorcáin, Baile na Manach & Gaelscoil Phádraig, Baile Bhreac participated in this inter-schools table quiz. This event has taken place annually over the last few years but this is the first year it has been hosted by our school. Over 200 pupils participated in the quiz. Each team was made up of six pupils, 3 from Scoil Lorcáin, 2 from Gaelscoil Thaobh na Coille and 1 from Gaelscoil Phádraig. In between questions we were entertained by the pupils from the different schools and classes who attended the quiz. We were treated to a great selection of talent ranging from group singing, a gymnastics display, solo singing, instrumental music and so on. Buíochas leis an Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh & An Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh for organising the event and putting together all the questions for the quiz.

Ceolchoirm na Féile Pádraig : 15 Márta 2011

Ba mhór an trua nach raibh sé ar chumas tuismitheoirí uile na scoile a bheith i láthair ag Ceolchoirm na Féile Pádraig mar go raibh an-cheolchoirm go deo againn. Ó R1 go R6 go foireann múinteoirí na scoile léiríodh tallann den scoth - bhí sé do-chreidthe. Ba chéiliúradh é ar ár gcultúr agus ar ár ndúchas agus nár mhór an méid é sin!

Léirigh R1, R2 & R5 drámaí/ceoldrámaí gleoite agus chuir R3, R4 & R6 idir dhánta, amhráin agus ceol feadóige ós ár gcomhair. Ghlac banna ceoil na scoile, curaidh Fheis Átha Cliath, an stáitse agus chuir siad meascán ceoil os ár gcomhair ar réimse fhairsing uirlisí a léirigh caighdeán agus cumas ceoil na ndaltaí. Chan cór R5 agus R6 dhá amhrán ó chlár amhráin Cór Náisiúnta na nÓg agus an-tionlacan ceoil ar an bpiano dár ndóigh ón Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn.

Ansin a bhuail an nóiméad 'x –factor' - banna ceoil na múinteoirí; *Ensemble Thaobh na Coille*, don chéad uair ariamh! Níl aon dabht ach go bhfuil cumas ar leith ceoil i measc foireann múinteoirí Ghaelscoil Thaobh na Coille. Sheinn siad Gleanntán Ghlas Ghaoth Dobhair; a bhí cóirithe ag an Múinteoir Ní Fhloinn ar 8 n-uirlisí difriúla! ! (Tá Louis ar an bhfón!)

Ina dhiaidh sin chas na múinteoirí buithrín ríleanna agus chríochnaigh an ceolchoirm le rinceoirí rang a 6 ag tabhairt faoin gCor Ochtar. A léithéid de cheolchoirm ní fhacthas riamh in aon scoil, tá mé cinnte de.

Buíochas ar leith do na múinteoirí ar fad a d'oibrigh go han-dian le seachtain na Gaeilge a chéiliúradh. Is liosta le háireamh an comhoibriú, tacaíocht agus dea-thoil a léirigh siad san ullmhúchán.

What a terrible pity that all parents could not attend our St Patricks Festival Concert as it proved to be a great concert. It was a celebration of some of the talent that's in the school, from R1 to R6 to the teaching staff – and what talent! It was a celebration of our culture and heritage and it was absolutely great.

R1, R2 & R5 showed their dramatic qualities with some really lovely dramas/musicals while R3, R4 & R5 displayed their versatility with a cross section of traditional songs, poems and instrumental music. The school's ' banna ceoil', current Feis Átha Cliath champions, took to the stage. They presented a musical arrangement of stunning variety on multiple instruments. The choir from R 5 & R 6 took to the stage and sang 2 songs from the National Children's Choir Repertoire beautifully accompanied on piano by an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn.

And then, the x-factor moment - *The Taobh na Coille Ensemble*, also known as the Teachers' Group, took to the stage for the first time! They started off with the beautiful slow air 'Gleanntán Ghlas Ghaoth Dobhair' arranged by an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn for 8 different instruments! (Louis is on the phone lads!)

After that they played a blast of reels, and finished playing the 8 hand reel for rinceoirí from R6! What an amazing celebration of our school, traditions and culture.

A special word of thanks to all the múinteoirí who worked so hard to make seachtain na Gaeilge a success. They displayed massive commitment support and good will in the preparations, and we were all delighted with the result. Go raibh maith agaibh.

griangrafanna sa bhreis ar : for more photos go to www.taobhnacoille.ie

Boscaí Trócaire : Déardaoin 5 Bealtaine

Seol na boscaí trócaire ar ais chun na scoile taréis Saoire na Cásca. Baileofar na Boscaí Trócaire ón scoil ar an Déardaoin an 5 Bealtaine agus ní ghlacfar le bosca ar bith ina dhiaidh sin.

Please return Trócaire Boxes to the school after the Easter holidays. They will be collected from the school on Thursday the 5th of May and no boxes will be accepted after that day.

Cór Náisiúnta na nÓg: The National Children's Choir

Ghlac daltaí R5 & R6 páirt i gceolchoirm réigiúnach de chuid Cór Náisiúnta na nÓg san Ionad Cispheile Náisiúnta i dTamhlacht ar an Mháirt an 5 Aibreán 2011. Bhí an clár amhráin de 16 amhrán á fhoghlaim acu ó thús na scoil bhliana seo mar chuid den oideachas ceoil. Bhí suas le 500 daltaí ó scoileanna éagsúla i mBaile Átha Cliath ar an ardán agus iad ag canadh le chéile faoi stiúr Anne Purcell (duine de stiúrthóirí ceoil Cór Náisiúnta na nÓg) le tionlacan ceoil ceolfhoireann proifisiúnta.

Bhí ard-chaighdeán amhránaíochta & ceol córach ag an gceolchoirm. Ní fhéadfá suí sa lucht féachana gan áileacht an cheoil, na hamhránaíochta agus na guthanna gleoite a aithint. Tá ard-mholadh ag dul do na páistí as cé chomh maith is a bhíodar agus a chanadar ar an oíche. Níor bhain siad na súile den stiúrthóir agus leanadar a cuid treoracha uile agus iad ag gluaiseacht á chanadh go ciúin go dtí go láidir, go tapaidh go dtí go mall.

5th & 6th class sang in the 'National Children's Choir Regional Concert' in the National Basketball Arena in Tallaght on Tuesday the 5th of April 2011. The children had been learning the repertoire of 16 songs in school since the beginning of the school year as part of their music curriculum. There were approximately 500 primary school children from all over Dublin singing as one choir, conducted by Anne Purcell (one of the National Children's Choirs Musical Directors) and accompanied by a professional orchestra.

The standard of singing & choral music was exceptionally high. You couldn't sit in the audience and not be moved by the wonderful, sweet and beautiful singing of the children on stage. The children deserve great praise & credit for how well they behaved and preformed on the night. They kept their eyes firmly glued to the conductor and followed her every direction moving from loud to soft, fast to slow.

Maidin Caifé

&

Crannchur na Cásca

Dé hAoine : Friday

15/04/ 2011

9am

sa Scoil

Scoil Seapánach : Japanese School

Thosaigh Scoil Seapánach B.Á.C. i nGaelscoil Thaobh na Coille ar an Satharn an 2 Aibreán. Scoil í seo do pháistí Seapánach/Éireannach atá á dtógáil in Éirinn agus go dteastaíonn óna dtuismitheoirí go mbeidh an Seapánais labhartha & scríofa acu chomh maith le tuiscint ar an gcultúr Seapánach as a dtagann siad. Beidh an scoil á rith gach Satharn i rith na scoil bhliana. Guímíd gach rath orthu san obair atá ar bun acu.

The Japanese School of Dublin held their official opening in Gaelscoil Thaobh na Coille on Saturday the 2nd of April. This Saturday school which will run throughout the school year caters for Japanese/Irish children who are being brought up in Ireland and whose parents want them to learn both spoken & written Japanese as well as teaching them about their Japanese heritage & culture. We wish them every good wish with their new school.

Féile Scoildrámaíochta : Píobaire Hamelin

R5 ag Craobh Náisiúnta an Féile Scoildrámaíochta

Tá R5 ar bís leis na torthaí a chloisteáil ón bhFéile Scoildrámaíocht. D'éirigh leo an Craobh Náisiunta a bhaint amach leis an gCeoldráma Píobaire Hamelin, a léirigh siad san Áras Ealaíne sa Mhuileann Cearr ar an Aoine seo chaite. Chuaigh daltaí R4 & R6 ann le tacaíocht a léiriú dóibh agus bhíomar ar fad an-bhródúil go deo astu. Is cuma an mbíonn an bua acu nó nach mbíonn bhíodar ar fheabhas ar fad agus tá a fhios agam go bhfuil siad an-bhuíoch go deo don Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn & le Colm Ó Foghlú ón mBéal Binn a d'oibrigh leo ar an gceoldráma.

R5 are on tender hooks as they wait to hear the results from the 'Féile Scoildrámaíochta'. They got through the Dublin & Leinster heats to make it to the National finals. They performed their musical 'Píobaire Hamelin' in the Arts Centre in Mullingar last Friday. R4 & R6 went to support them and we were all extremely proud of how well they represented our school in the Féile. Whether they win or not they were absolutely great and could not have done better. I know they are extremely grateful to an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn & le Colm Ó Foghlú from an Béal Binn who worked with them on this production.

Tráth na gCeist Clainne : Family Table Quiz

D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí Tráth na gCeist Clainne do dhaltaí R3 go R6 i gclub theach CLG Nmh. Olaf ar an Déardaoin an 24 Márta. Bhí na sean-chlannta chéanna san ard-iomaíocht ar an oíche : Muintir Mhic Cnáimhsí, Muintir Mhic Giolla Phádraig, Muintir Mhic Daid & Muintir Bhaoill/Lionaid gan mórán eadartha ó bhadhta go badhta. Ba dheas cuid dár n-iarscoláirí a fheiceáil i láthair freisin, cé go raibh amhras bheag ann an raibh roinnt cabhrach á fháil acu ó na gutháin pócaí le cuid de na ceisteanna a fhreagairt - foireann Orla D, John Mac D & Orla Ní M ? ! !!!

Coiste na dTuismitheoirí organised a family table quiz in St. Olafs GAA club house on Thursday the 24th of March for the pupils & parents of R3 – R6. The same old determined families were fighting it out on the night. There was very little between Muintir Mhic Cnáimhsí, Muintir Mhic Giolla Phádraig, Muintir Mhic Daid & Muintir Bhaoill/Muintir Lionaird as they battled it out round after round! It was lovely to see some of our past pupils in attendance although there was some question about where they were getting their answers from and the amount of 'help' they were getting via their mobile phones (Orla D, John Mac D & Orla Ní M) ? !

Buíochas ó chroí le Oisín Mac Eoin (uncail & sean-chara de chuid na scoile) as na ceisteanna ar fad a ullmhú & an chur ar an oíche. Tá sé á dhéanamh seo dúinn le roinnt blianta anuas agus taimíd an-bhuíoch dó as sin.

Buíochas ó chroí to Oisín Mac Eoin (an uncle and a good friend of the schools) for preparing the questions and MCing on the night. He has been doing this for the last number of years and it has proven to be a great and highly enjoyable family night out.

Buíochas ó Haiti : Plant & Cake Sale 2010

Conor & Killian i Haiti

Tháinig beirt thuismitheoir, Conor Ó Cathasaigh agus Killian Ó Drisceoil, thar n-ais ó Haiti ar na mallaibh tar éis dóibh cabhair a thabhairt i dtógáil 80 teach, ionad pobail, ionad súgartha, 2 pháirc imeartha, 2 pháirc phoiblí agus plandlann chun barraí a chur. Gabhann siad a bhfíor chaoin buíochas daoibh don tacaíocht fhlaithiúil a thug Gaelscoil Thaobh na Coille chun an tionscnamh a chur faoi lán tseoil (Díolachán Plandaí & Cístí Meitheamh 2010).

Two parents, Conor Ó Cathasaigh and Killian Ó Drisceoil, have just arrived back from Haiti after helping to build 80 houses, a community centre, a playground, 2 football pitches, 2 parks and a nursery for planting crops. They thank all the parents and children of Gaelscoil Thaobh na Coille for their generous support (Plant & Cake Sale June 2010) to help fund the project.



Pancóga & Lus an Chromcinn : Pancakes & Daffodils

Ba mhaith le Eliza Mhic Gabhann - thar cheann an grúpa tuismitheoirí a tháinig le chéile ar Mháirt na hInninde an 8 Márta le pancóga a réiteach & a dhíol leis na páistí agus a d'eagraigh maidin caifé ar an Aoine an 25 Márta ar son 'Lá na Lus an Chromchinn' – buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a thacaigh leis an dá thogra. Bailíodh €1,172 do Chumann Ailse na hÉireann idir an dá imeacht. Míle buíochas libh.

Eliza Mhic Gabhann would like to thank everyone who contributed so generously to the two fundraising events that were organised by the parents of Gaelscoil Thaobh na Coille on behalf of the Irish Cancer Society. The selling of pancakes on Shrove Tuesday the 8th of March and the coffee morning on the 25th of March which was 'Daffodil Day'. Between the two a total of €1,172 was collected for the Irish Cancer Society. Míle buíochas libh

Comórtas Ealaíne : 'Smarter Travel'

Bhuaidh Róisín Uí Chathasaigh ó R1 duais i gcomórtas ealaíne "Smarter Travel " a d'eagraigh Comhairle Condae Dún Laoghaire Rath an Dúin. Seo í anseo sa ghrianghraf lena pictiúr álainn 'Fág an carr, tá an Luas níos fearr!' le Lettie Mhic Cárthaigh Cathaoirleach an Co.Co. DLR ar lá bronnadh na nduaiseanna. Maith thú a Róisín.

Róisín Uí Chathasaigh from R1 was a well deserved prize winner in DunLaoghaire Rathdown County Council's 'Smarter Travel' schools art competition. Here she is with Lettie McCarthy, Chair-person of DLR Co.Co. and her winning entry at the prize giving ceremony recently. Maith thú a Róisín!

Páirc Peile : Football Pitch

Tá an treanáil iománaíochta/camógaíochta ar siúl sa pháirc ar chúl na scoile an téarma seo a bhuíochas do DLSP a thug cead dúinn í a úsáid. Beidh cailíní R5/R6 na scoile ag iomaíocht i léig cispheile don chéad uair ariamh i mbliana.

Hurling/Camogie training takes place on Monday afternoon on the rugby pitch at the back of the school with the kind permission of DSLP Rugby Club. The girls from R5/R6 will be taking part in their first ever basketball league this year.

Dátaí don Dialann : Diary Dates

- **15/04/2011** Maidin Caifé: Coffee Morning (sa scoil)
- **18/04/2011– 02/05/2011** Saoire na Cásca: Easter Holidays.
- **04/05/2011** R6 7.30pm Searmanas an tSolais
- **07/05/2011** R2 Aifreann 'Do this in Memory' 6pm
- **14/05/2011** R2 Céad Chomaoineach 11am Áth an Ghainimh
- **17/05/2011** R6 'Gael-Gore!' sa Mermaid i mBré
- **20/05/2011** Siúl ar Scoil
- **26/05/2011** R6 Cóineartú 11am Áth an Ghainimh

Gradam na Cásca : 2011

Ba mhaith linn moladh a thabhairt do gach páiste sa scoil a d'oibrigh go dian an téarma seo, a rinne sár-iarracht an Ghaeilge a labhairt agus a bhí go deas béasach agus cneasta le páistí agus le múinteoirí na scoile. Tá moladh speisialta ag dul do na páistí seo a leanas a bhuaidh 'Gradam na Cásca 2011'.

We would like to congratulate all the children in the school who have worked tremendously hard this term, who have spoken 'Gaeilge' diligently and for their excellent behaviour and kindness towards each other and the teachers. Special praise must go to the following children who have been awarded 'Gradam na Cásca 2011'.

N1A	**Brian Mac Aogáin** Is buachaill álainn, sona, éirmiúil é Brian. Réitíonn sé go h-an mhaith le gach duine agus tugann sé 100% don obair scoile i gcónaí. Tá sé an-mhaith ag labhairt i nGaeilge.	**Sophie Ní Mhaolchathail** Is cailín álainn, ciúin, béasach í Sophie agus tá sí iontach mhaith ar scoil. Bíonn a cuid oibre néata agus cúramach i gcónaí.	**Finn Mac Gabhann** Is buachaill álainn gealgháireach é Finn a chuireann go mór leis an rang. Tá an-chuid Gaeilge aige agus spreagann sé na páistí eile chun í a labhairt. Bíonn a obair scoile go hálainn néata freisin.
N1B	**Ruby Nic an Ghill** Is cailin álainn í Ruby. Bíonn sí cairdiúil le gach duine agus glacann sí páirt mhór sa rang. Bíonn a cuid oibre néata agus cruinn i gcónaí. Molaim go h-ard í.	**Daniel de Grá** Is buachaill álainn, séimh é Daniel. Oibríonn sé go dian, dícheallach i gcónaí agus réitíonn sé go an-mhaith le gach duine. Déanann sé sár-iarracht ar scoil. Tá srd-mholadh ag dul dó!	**Jeanne Sincléir** Is cailín álainn sona í Jeanne. Éisteann sí go géar sa rang agus bíonn a cuid oibre ar ard chaighdeán i gcónaí. Tá a lán cairde déanta aici ó thús na bliana freisin. Molaim go h-ard í.
N2A	**Katie Ní Dhúill** Is cailín ciúin séimh í Katie nach gcuireann isteach riamh ar pháistí eile. Oibríonn sí go dian-dícheallach sa rang. Tá an múinteoir thar a bheith sásta léi.	**Scott Déiseach** Tá bua ag an mbuachaill gleoite seo sa léitheoireacht agus is breá leis a bheith ag cabhrú le páistí eile. Lorgaíonn sé obair bhreise an t-am ar fad. Molaim go h-ard é!	**Ava Ní Fhionnagáin** Tá nádúr álainn séimh ag an gcailín seo agus réitíonn sí go maith leis na páistí eile. Tá sár-iarracht a dhéanamh aici leis an nGaeilge. Táim an-sásta léi.
N2B	**Hannah Ní Chomhraí** Is cailín álainn í Hannah a dhéanann gach iarracht sa rang i gcónaí. Tá an-feabhas tar éis teacht ar a cuid léitheoireachta agus tá mé an-sásta léi.	**Fiachra Ó Dúill** Tá mé chomh sásta le Fiachra. Tá sé ag déanamh an-iarracht lena chuid oibre anois agus tá súil agam go leanann an dea obair. Is buachaill álainn séimh é a réitíonn le gach duine sa rang agus is rinceoir den scoth freisin. Maith thú Fiachra!	**Clara Ní Dhuibh** Is Cailín álainn í Clara agus oibríonn sí go dian díograiseach i gcónaí. Tá ag éirigh do han mhaith leí lena cuid léitheoireachta agus tá scríbhneoireacht an-néata aici. Réitíonn sí le gach páiste sa rang agus molaim í go hard.

Gradam na Cásca : ar lean

R1A	**Daniel Rodin** Is buachaill uasal cineálta agus cairdiúil é Daniel. Bíonn obair an-néata déanta i gcónaí aige. Tá bua an spóirt aige chomh maith. Maith thú, a Daniel.	**Aimeé Nic Giolla Chomhaill** Is cailín an-chabhrach í Aimeé. Tá bua speisialta aici san ealaín agus tá a cuid peannaireachta ar fheabhas. Molaim í go h-ard.	
R1B	**Charlie Ó Ceallacháin** Buachaillín díograiseach atá ag obair go han-dian ón Samhain ar aghaidh go háirithe ar an léitheoireacht agus scríobhneoireacht.	**Doireann Ní Bhraonáin** An-obair go deo ar súil aici seo. Scileanna éisteachta agus eagrúchain iontach maith. An-chumasach go deo. Molaim í.	
R2	**Emma Ní Bhraonáin** Is cailín stuama ciallmhar í Emma. Bíonn a cuid oibre ar chaighdeán ard i gcónaí. Ta Gaeilge de scoth aici freisin. Tá sí le moladh go h-ard.	**Breandan Ó Conaill** Tá feabhas mhór tagtha ar obair Bhreandán ó thús na bliana. Glacann sé páirt ghníomhach sa rang agus bíonn sé an-bhéasach i gcónaí. Molaim í.	**Noelle Ní Lúing** Is cailín álainn í Noelle. Bíonn a cuid oibre ar ard-chaighdeán i gcónaí. Is féidir brath uirthi agus bíonn sí an-bhéasach i gcónaí. Molaim í.
R3	**Alison Ní Dhuibhleach** Cailín álainn ciúin í Alison atá taréis socrú síos go han-mhaith ina scoil nua i mbliana. Cé gur tháinig Alison ó scoil Bhéarla tá a cuid Gaeilge ar ard-chaighdeán anois agus í ag dul i bhfeabhas gach lá. Molaim go hard í !	**Luke Ó Floinn** Buachaill gealgháireach sona is ea Luke atá taréis a bheith ag obair go han-dian i mbliana. Leiríonn Luke an-spéis i ngach gnéith den obair. Molann an múinteoir go hard thú!	**Niamh Ní Éanacháin** Cailín álainn séimh is í Niamh atá thar a bheith cneasta le gach duine sa rang i gcónaí. Bionn an-obair ar siúl aici sa rang agus tá an múinteoir an-sásta leí.
R4	**Seán de Grá** Is buachaill sona dea-bhéasach é Seán. Oibríonn sé go díograiseach in ngach gné den obair scoile. Tugann sé togha na haire i gcónaí. Molaim go h-ard é	**Nia Ní Chinnéide** Is cailín ciúin stuama í Nia a oibríonn go dián i gcónaí. Bíonn sí lách cinéalta leis na daoine timpeall uirthi agus is féidir brath uirthi í gcónaí.	**Kate Ní Fhearghail** Bíonn Kate ag obair ar a míle dícheall i gcónaí. Bíonn sí sona sásta sa rang i gcónaí. Déanann sí a dícheall i gcónaí. Táim an-sásta léi.
R5	**Shane Ó Baoill** Tá Shane ag obair go dian i ngach ábhar agus bíonn sé gealgháireach, béasach i gcónaí.	**Olivia Cooke** Cailín an-bhéasach í Olivia agus glacann sí páirt sa rang i ngach ábhar. Molaim í.	**Iseult Ní Cheallacháin** Tá feabhas mór tagtha ar obair Iseult le déanaí, go háirithe sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Cailín béasach, cairdiúil í. Lean ort!
R6	**Aoife Ní Dhúill** Is cailín deas béasach í Aoife, oibríonn sí go díograiseach agus chuir sí an-iarracht isteach sa Mhatamaitic ach go háirithe.	**Sarah Nic Gabhann** Is cailín álainn í Sarah a bhíonn sona sásta sa rang i gcónaí. Chuir sí go mór le foirne peile agus camógaíochta i mbliana agus molaim í dá bharr.	**Niamh Ní Fhlannagáin** Cailín álainn, béasach, gealgháireach is ea Niamh. Oibríonn sí go dian dícheallach sa rang agus tá an-chaighdeán bainte amach aici i ngach ábhair. Molaim í go hard.






Comórtaisí Iomána agus Camógaíochta Chumann na mBunscol

Bhí foireann shóisear bhuachaillí, faoi bhainistíocht An Múinteoir Chambers, agus foireann cailíní, faoi stiúir An Múinteoir Ní Mhuirgheasa, ag iomaíocht ar son na scoile i gcomórtaisí iomána agus camógaíochta Chumann na mBunscol le dhá mhí anuas.
Bhuaigh na buachaillí i gcoinne Our Lady's ó Bhaile an tSaoir, Scoil Bhríde ó Charraig an tSionnaigh agus i gcoinne Scoil na nAingeal Coimhdeachta ón gCarraig Dhubh. Bhí comhscór acu le Scoil Áine ó Shean Choill. Tá cluiche amháin le n-imirt acu i gcoinne St. Michael's, Ayrfield. Bheadh mé ag súil go mbeadh an bua acu sa chluiche deireannach, rud a chiallaíonn go gcríochnóidh siad ar bharr na léige agus tá comhghairdeas ag dul dóibh dá bharr.
D'éirigh go han-mhaith freisin le foireann na gcailíní. Fuaireadar an ceann is fearr ar Mount Anville, Cill Mochuda agus ar Our Lady's Grove, Baile na Gabhar. Chailleadar i gcoinne Scoil Naithí, Baile an tSaoir agus i gcoinne Scoil Lorcáin, Baile na Manach. Tá cluiche amháin fágtha ag na cailíní i gcoinne Scoil Olaf agus cibé fhoireann a bhuann é sin, críochnóidh siad sa tríú háit. Níor éirigh leo an cheathrú chraobh a bhaint amach i mbliana.
Molaim na bainisteoirí as ucht a gcuid ama a thabhairt suas le freastal ar sheisiúin traenála agus freastal ar chluichí. Táimid fíor-bhuíoch don iarracht a rinne na páistí agus molaimid na tuismitheoirí don síor-tacaíocht agus na síobanna ar fad. Buíochas freisin don príomhoide a bhí lán sásta infheistiú i soláthair mór sliotair nua.

Buaiteoirí Corn Cú Chulainn

Ghlac Rang a 6 (agus roinnt páistí ó ranganna eile) páirt i mbliots bliantúil iomána agus camógaíochta Naomh Olaf a bhí oscailte do scoileanna ón gceantair. Foirne seachtar an taobh a bhí i gcomórtas camógaíochta Chú Chulainn agus bhí trí fhoireann ón scoil páirteach ann. Ghlac foirne ó Holy Trinity, Holy Cross agus Scoil Olaf páirt freisin agus d'éirigh leis an scoil an chorn a thabhairt abhaile don chéad uair i stair na scoile. Ba í Stefanie Déiseach an chaptaen agus d'imir sí féin, Amy de Satún, Emma Ní Uallaigh, Faye de Barra, Laura Ní Shírín, Laura Ní Thnúthail agus Iseult Ní Cheallacháin ar fheabhas ó thús deiridh an chomórtais agus bhí an corn tuillte go maith acu. Chríochnaigh na buachaillí sa tríú háit sa chomórtas iomána.

Club CLG Naomh Olaf
Bhí traenáil á dhéanamh ag Aisling Farrelly ó Chlub CLG Naomh Olaf le Rang Naíonáin Mhóra A agus B, Rang a 3 agus Rang a 4 an téarma seo. Beidh deis ag an gceithre rang naíonáin i dtéarma a trí.
Ná dearmad go reachtáilfear Campa Cásca CLG Naomh Olaf ón 26 go 29 Aibreáin. Tugadh nóta amach faoi an tseachtain seo. Tá cuireadh ag gach buachaill agus cailín ó Naíonáin Mhóra go Rang a 6 páirt a ghlacadh ann. Costas €45 a bheas ar an gcampa. Tá tuilleadh eolais le fáil ó Aisling Farrelly (087-6647515) agus Darren Egan (087-6667682).

Snámh
Tá Rang 1 agus 2 ag freastal ar ranganna snámh faoi láthair agus tá ag éirí go maith leo.

Lúthchleasaíocht
Beidh an scoil ag glacadh páirt i gcomórtaisí lúthchleasaíochta Chumann na mBunscol Áth Cliath i Seantramh agus deireadh Mí Bealtaine agus tús Mí Meitheamh. Beidh trialacha agus traenáil ag tosú i ndiaidh saoire na Cásca. Comórtaisí reatha faoi 10, 11, 12 & 13 is mó a bheas i gceist. Beidh an Múinteoir Ó Dubhthaigh agus an Múinteoir Ní Dhubhthaigh ina mbun.

Cispheil
Beidh foireann cispheil cailíní ag iomaíocht ar son na scoile don chéad uair i mbliana faoi stiúir an Múinteoir Ní Mhuirgheasa agus an Múinteoir Ní Dhubhthaigh. Tá trialacha ar súil faoi láthair agus roghnófar dosaen chailín ó Rang a 5 nó 6 le cluichí a imirt i gcoinne Johnstown NS agus St. Joeseph of Cluny go luath i Mí Bealtaine. Beidh breis cluichí acu má bhuann siad na cluichí sin.

Dearbháin Tesco
Tá 2,765 dearbháin Tesco bailithe ag an scoil le mí anuas. Leanaigí oraibh á mbailiú agus beimid in ann cur le fearais spóirt na scoile!

Maoilíosa Ó Dubhthaigh